

# Sa ghluaisteán ag filleadh abhaile ón scoil.

**Suíomh:** Tá Daid ag doras na scoile ag feitheamh ar a bheirt leanbh, mac agus iníon, teacht amach ón scoil.

**Scene:** Daid is at the school entrance waiting for his two children, a son and a daughter, to come out of school.

**Daid:** A Mhalláí!!! **Ansan atánn tú.** Maith thú. Anois ná dearúd é sin a chur ón dtaobh thiar, maith an cailín!  
*Hey Mallaí!!! There you are. Good girl. Will you put your bag in the back, good girl!*

**Malláí:** Cinnte a Dhaid!  
*Sure Dad! do chosóig, anois ...*

**Malláí:** Féach dheineas é seo! Look what I made

**Daid:** do chasóig, anois...lámh. **Conas mar a bhí do lá?**  
*Give me your coat...hand. How was your day?*

**Malláí:** Go maith.

**Daid:** Cuir ort é sin. *Put that on.*

**Malláí:** Féach dheineas é seo! *Good. Look what I made*

**Síneann sí an pictiúr chuige. She hands him her drawing.**

**Daid:** **Ó féach air seo!! An tusa a dhein é seo ar fad!!** *Look at this!! Did you do all this*

**Malláí:** Is mise a dhein é! *I did it.*

**Daid:** Gach uile phíosa dó!! Gan aon chabhair ó éinne eile!!!  
*Every bit of it! With no help from anyone else*

**Malláí:** Gach uile phíosa dó gan aon chabhair. An maith leat é?  
*Every bit of it with no help. Do you like it?*

**Daid:** An maith liom é!!! An maith liom é!!! Is breá liom é!!! Á tá sé go h-álainn ar fad! Is ealaíontóir den scoth thú. Faigheann tú é sin ó do Mhamáí!  
*Do I like it! Do I like it! I love it!!! It's absolutely lovely. You get this talent from your mother.*

### Tosnaíonn Mallaí ag gáire!

**Mallaí:** Tá's agam a Dhaid! An gcúimhin leat an uair a bhíse ag péintéal liomsa agus chuir tú glas ar an lus an chromchinn seachas buí!!!

*I know Dad! Do you remember when you were painting a daffodil with me and you painted the flower green instead of yellow!*

**Daid:** Is cúimhin liom é sin...ana mhaith. Anois tabhair dom do lámh. Bhfuil tú ullamh le dul amach? *I remember it well. Now give me your hand. Ready to go out?*

**Mallaí;** Tá. Yes

A haon, dó, trí... *Amach amach!*

*One, two, three...Out Out!*

### Tosnaíonn an bheirt acu ag gáire. *They both laugh*

**Go tobann oscalaítear doras agus suíonn Seán isteach.**

***Suddenly the door opens and Seán sits in.***

**Daid:** Haigh Seán! Gach rud áraidht? *Hi Seán! Everything alright?*

**Seán:** Gach rud go breá a Dhaid! *Everything is fine Dad.*

**Tá sé soiléar ón meon agus ón tslí atá ag Seán nach bhfuil gach rud ceart go leor.**

**It's clear something is wrong.**

**Daid:** **Cad a tharla?** *What happened?*

**Seán:** Ní tharla faic áraidht Daid! *Nothing happened Dad alright!*

**Daid:** **Is léir go bhfuil tú trína chéile.** Seo abair liom **cad a thit amach?**

*You're obviously upset. Tell me what happened?*

**Seán:** Choimeád an múinteoir istigh mé inniu agus gan aon chúis Daid agus chailleas an cluiche is fearr riamh sa chlós mar go rabhas ag caint. Rud nach raibh, geallaim duit. Ní rabhas ach ag freagairt Michéal thar n-ais. Bhíos ag rá leis cén leathanach a bhíomar ar, agus mise a fuair i dtrioblóid. Mise! Díreach mar go rabhas ag cabhrú! Agus chun an rud a dhéanamh níos measa is Michéal a fuair an báire a bhuaigh an cluiche amuigh sa chlós agus dá mbeinnse ag imirt ní bheadh an báire san scaoilte isteach agam riamh! I ndáiríre chaill an múinteoir an cluiche dúinn.

*The teacher kept me in today at lunch time for no reason Dad and I missed the best game ever in the schoolyard because I was talking. I promise you I wasn't. I was only answering Michael back. I was telling him which page we were on and I got into trouble. Me! Just because I was helping! And to make matters worse Michael got the winning goal and had I been playing I'd never have let that goal in!*

**Daid:** Go bhfóire Dia orainn! **Tá san go hainnis.** Choimeád sí istigh tú don lón ar fad agus gan tú ach ag cabhrú!!

*God help us! That's desperate. She kept you in for the duration of the lunch period and you only trying to help!!*

**Seán:** Sea, cuimhnigh air sin Daid!! **Níl sé cothrom!!!** Bhuel ní an t-am lóin ar fad...ach ar a laghad leath dó!

*Yes, Imagine it Dad! It's not fair!!! Well not the whole lunch hour...but at least half of it!*

**Daid:** An bhfuil tú cinnte nár labhair tú le Michéal ag aon am eile?

*Are you sure you didn't speak to Michael at any other time?*

**Tá ciúneas ann. Quietness**

**Daid:** Aon am eile?.....N'fheadar.... b'fhéidir sular chabhraigh tú leis?

*Any other time....I don't know...maybe, before you helped him?*

**Ciúneas arís. Quietness again**

**Seán:** Bhuel gan dabht Daid! Táimid sa rang céanna tá's agat! Bhíomar ag caint ar *fortnite*. Tá *skin* nua fachta ag Michéal agus tá sé dochreidte ar fad!!! Ní féidir liom fanacht go gcífidh mé i gceart é.

*Well of course Dad! We're in the same class you know! We were talking about fortnite. Michael has a new skin and it's unbelievable!!! I can't wait to see it properly.*

**Daid:** Beidh tú ag fanacht, mar **níl aon chluichí sa tigh anocht.** Inniu Déardaoin. Beidh sé agat ag an deireadh seachtaine agus maith atá a fhios agat é.

*You'll be waiting, because there are no games tonight. Today is Thursday. You'll have it at the weekend and well you know it.*

**Seán:** Á Daid!!! Seo leat!! Níl sé sin cothrom in aon chor. Tá sé sin áraidht do Mhallaí, níl sí ach seacht ach táimse aon bhliain déag anois agus bíonn mo chairde ar fad ag imirt an t-am go léir agus is mise an t-aon duine nach mbíonn ag imirt i rith na seachtaine. Más é do thoil é Daid! Díreach anocht amháin.

*Ah Dad! Come on! That's not fair. That's OK for Molly she's only seven but I'm 11 and all my friends play all the time and I'm the only one who doesn't get to play during the week. Please Dad! Just for tonight.*

**Daid:** Seán, tá socrú déanta againn agus sin sin.

*Seán, we have an arrangement and that's that.*

**Seán:** Ok Daid, díreach leath uair a chloig amháin? Díreach chun skin Mhichíl a fheiscint agus cluiche beag amháin tapaigh!

*OK Dad, just for a half an hour? Just to see Michael's skin and one quick game?*

**Daid:** Táim tar éis é a rá anois fé dhó a Sheáin. Fág é más é do thoil é. Inniu Déardaoin, amárach Dé hAoine agus beidh sé agat ansan.

*I've said it now twice Seán. Leave it please. Today is Thursday, tomorrow is Friday and then you will have it.*

**Níl Seán sásta. Suíonn sé siar sa chathaoir. Tá buaite air agus níl sé sásta faoi sin. Tá pus air.**

**Seán is not happy. He sits back. He's been defeated and he doesn't like that. He pouts.**

**Daid:** Conas a d'éirigh leat sa scrúdú litriú? *How did you get on in the spelling test?*

**Seán:** Go breá. *Fine.*

**Daid:** An rabhais sásta leis? *Were you happy with it?*

**Seán:** Bhí. *Yes.*

**Daid:** Ana mhaith. Cad a fuairis? *Very good. What did you get?*

**Seán:** Naoi as deich! *Nine out of ten!*

**Daid:** Naoi as deich! Ó go hiontach ar fad. Maith thú! **Nach cliste an buachaill tú!!**

*Nine out of ten! Wonderful. Well done! Aren't you the clever boy!!*

**Féachann Daid sa scathán siar ar Mhallaí. Dad looks at Molly in the rearview mirror.**

**Daid:** Cad faoi thuras go dtí an pháirc spraoi ar an slí abhaile mar cheiliúradh? An bhfaca tú an ealaíon bhreá a dheim Mallaí inniu! *How about to celebrate we go to the playground on the way home? Did you see the lovely art Molly made today?*

**Seán:** Taispeáin! *Show me!*

**Síneann Mallaí an pictiúir chuige. Molly hands him her drawing.**

**Seán:** Wow! Mallaí, tá sé seo ana mhaith ar fad! Cinnte beidh tú i do ealaíontóir nuair a fhásfaidh tú aníos.

*Wow! That's very good. You'll surely be an artist when you grow up.*

Mallaí: B'fhéidir! *Maybe!*

Seán: An bhfuil mo chlárscátála sa bhúit Daid? *Is my skateboard in the boot Dad?*

Daid: Gan dabht!!! Ná fág an baile gan é! *Of course!!! Don't leave home without it!*

**Tagann miongháire ó Sheán! Tá an pus imithe! Gach duine sásta arís.**

***Seán smiles. The pout disappears. Everybody is happy again.***

Mallaí: Agus mo scútar!!! *And my scooter!!!*

Daid: **Tá ambaiste!** *Absolutely!*

Mallaí: Ó yipeee! Seo linn mar sin! Cad ina thaobh go bhfuilimid fós anseo!!!

*Yipee! Let's go then! Why are we still here!!!*

Seán: Sea Daid!!! Cad ina thaobh go bhfuilimid fós anseo? Seo linn!!!

*Yes Dad! Why are we still here? Let's go!!!*

Daid: Seo linn go deimhin! *Let's go indeed!*

Seán: An bhfuil faic le n-ithe agat? **Táim stiúgtha leis an ocras!** An féidir linn dul go dtí an siopa? *Do you have anything to eat? I'm starving! Can we go to the shop?*

Daid: Tá úlla agus cnónna beirthe liom agam. Déanfaidh sé sin tú go dtí go mbeimid sa bhaile. *I've got some apples and nuts. That will do you until we get home.*

**Deir Seán go searbhasach! Seán says sarcastically!**

Seán: Go hiontach Daid. Go raibh maith agat!! *Oh great Dad. Thanks!*

Daid: Ó tá fáilte romhat a mhac!!! Oh you're welcome son!

**Tosaíonn siad ar fad ag gáire. They all start to laugh**

## Ráitísí Teanga

<b>Ansan atánn tú.</b>	<b>There you are.</b>
<b>Conas mar a bhí do lá?</b>	<b>How was your day?</b>
<b>Ó féach air seo!</b>	<b>Look at this!</b>
<b>Tá sé go hálainn ar fad!</b>	<b>It's so beautiful!</b>
<b>An tusa a dhein é seo ar fad!</b>	<b>Did you make it all?</b>
<b>Cad a tharla? Cad a thit amach?</b>	<b>What happened?</b>
<b>Is léir go bhfuil tú trína chéile.</b>	<b>You are clearly upset.</b>
<b>Tá san go hainnis ar fad!</b>	<b>That's dreadful.</b>
<b>Níl sé cothrom.</b>	<b>It's not fair.</b>
<b>Táim tar éis é a rá anois fé dhó.</b>	<b>I've said it twice now.</b>
<b>Níl aon chluichí sa tigh anocht</b>	<b>there are no games played</b>
	<b>In the house tonight</b>
<b>Tá ambaiste!</b>	<b>Indeed it is!</b>
<b>Fág é más é do thoil é.</b>	<b>Leave it be please.</b>
<b>Nach cliste an buachaill tú.</b>	<b>You are a clever boy!</b>
<b>Táim stiúgtha leis an ocra!</b>	<b>I'm famished with the hunger</b>

